Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013

# TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN 2 (90 marc)

**DÉ hAOINE, 7 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 11.30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

NÁ DEARMAD, LE DO THOIL, GO gCAITHFIDH TÚ **FILLTEÁN** COMHLÁNAITHE **ROINN 1** A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR.

## ROINN 2 (90 marc)

Freagair **TRÍ** cheist ar bith.

Tá na ceisteanna uile ar cómharc.

**Ceist 1. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Déan staidéar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis d'Inis Córthaidh agus ar an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

**A**. Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar do shracléarscáil **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- Abhainn na Sláine
- An limistéar faoi fhoirgnimh (le hais a chéile) in Inis Córthaidh
- Limistéar ina bhfuil Coill Nádúrtha
- Príomhbhóthar Náisiúnta an N11.

[10]

**B**. "Seanbhaile é Inis Córthaidh. D'fhás sé sa suíomh seo ar chúiseanna éagsúla."

Agus tagairtí eangaí á n-úsáid agat, mínigh **THRÍ** chúis ar fhás Inis Córthaidh sa suíomh seo.

[12]

**C**. Tá Eastát Tionsclaíochta (Industrial Estate) ar an taobh thoir den N11 ag **S 977 419**.

(i) Mínigh **DHÁ** chúis a dtógtar eastáit tionsclaíochta ar imeall bailte móra de ghnáth.

(ii) Ainmnigh **DHÁ** sheirbhís ar bith atá ar fáil d'oibrithe monarchan sa limistéar faoi fhoirgnimh in Inis Córthaidh.

[8]

**Ceist 2.** **AERFÓTAGRAF**

Déan staidéar ar an aerfótagraf d'Inis Córthaidh a thugtar leis an bpáipéar seo.

[**NÓTA**: Cuimhnigh – is fótagraf fiar é seo. Dá bhrí sin, is cóir duit na **téarmaí cearta** a úsáid, e.g. cúlra ar clé, tulra ar dheis, etc.]

**A**. Tarraing sracléarscáil den limistéar ar fad a thaispeántar ar an aerfótagraf.

Ar do shracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- Abhainn
- Droichead do ghluaisteáin
- **DHÁ** shráid a bhuaileann le chéile
- Séipéal a bhfuil spuaic air.

[10]

**B**. Agus na téarmaí cearta á n-úsáid agat, ainmnigh agus luaigh suíomh **DHÁ** thalamhúsáid i mbaile mór Inis Córthaidh, agus déan cur síos ar gach talamhúsáid díobh.

[8]

**C**. Iarradh ort scoil nua a thógáil in Inis Córthaidh.

(i) Agus na téarmaí cearta á n-úsáid agat, aimsigh suíomh oiriúnach don scoil sa limistéar a thaispeántar ar an aerfótagraf.

(ii) Mínigh **DHÁ** chúis ar roghnaigh tú an suíomh seo.

(iii) Luaigh míbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann leis an suíomh seo.

[12]

**Ceist 3.** **MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA**

Freagair **TRÍ CINN AR BITH** de na ceisteanna **3A**, **3B**, **3C**, **3D**.

### 3A. Cineálacha aeráide




www.wikispaces.com

Taispeánann na fótagraif thuas fásra i dtrí limistéir dhifriúla ina bhfuil aeráid the.

(i) Ainmnigh aeráid the **AMHÁIN** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi agus dean cur síos ar an aeráid the seo.

(ii) Déan cur síos ar an bhfásra a fhásann ann mar gheall ar an aeráid the.

(iii) Ainmnigh slí **AMHÁIN** a dtéann an aeráid seo i bhfeidhm ar dhaoine.

[10]

### 3B. Éagothroime Eacnamaíochta




www.gatewayonline.com, www.omiusajpic.org, www.guardian.co.uk


(i) Ainmnigh tír i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(ii) Mínigh conas a chuir **TRÍ** cinn ar bith de na tosca sna pictiúir thuas moill ar fhorbairt na tíre seo.

[10]

## Ceist 3. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA (ar lean)

### 3C. Staidéar Daonra




Déan staidéar ar an bpirimid daonra thuas a thaispeánann struchtúr an daonra i gContae Liatroma i nDaonáireamh 2011.

(i) Cén céatadán de na fireannaigh a bhí san aoisghrúpa 80 – 84 bliain?

(ii) Cén t-aoisghrúpa a raibh níos mó fireannach ann, an t-aoisghrúpa 80 – 84 bliain nó an t-aoisghrúpa 30 – 34 bliain?

(iii) Céatadán beag fireannach agus baineannach a bhí san aoisghrúpa 20 – 24 bliain.
Cad a chuireann sin in iúl dúinn mar gheall ar an imirce i gContae Liatroma, dar leat?

(iv) Ainmnigh **DHÁ** shlí inar féidir úsáid a bhaint as an eolas ón Daonáireamh.

[10]

### 3D. Aibhneacha

(i) Ainmnigh gné **AMHÁIN** a gcruthaíonn aibhneacha í.

(ii) Agus léaráid mar chúnamh agat, mínigh conas a cruthaíodh an ghné seo.

(iii) Luaigh **DHÁ** shlí a mbaineann daoine úsáid as aibhneacha.

[10]

**Ceist 4. TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH**

**A. An Trácht i gCathair in Éirinn**

| **Tréimhse Ama** | 9 a.m. go 10 a.m. | 11 a.m. go 12 meán lae | 2 p.m. go 3 p.m. | 5 p.m. go 6 p.m. |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na Rothar** | 20 | 8 | 17 | 23 |
| **Líon na gCarranna** | 403 | 350 | 260 | 578 |
| **Líon na dTrucailí** | 79 | 58 | 35 | 89 |

Taispeánann an tábla thuas torthaí ó shuirbhé tráchta a rinne grúpa daltaí.

(i) Cad é an líon trucailí a comhaireadh idir 9 a.m. agus 10 a.m.?

(ii) Cad é an líon iomlán rothar a comhaireadh le linn an tsuirbhé?

(iii) Luaigh cúis **AMHÁIN** ar comhaireadh líon níos airde carranna idir 5 p.m. agus 6 p.m.

(iv) Mínigh **DHÁ** réiteach ar phlódú tráchta.

[10]

**B. Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha**

(i) Is féidir staidéar a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe mar chórais a bhfuil ionchur, próisis agus aschur acu.

Agus tagairt agat d'fheirm **nó** do mhonarcha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi, ainmnigh **DHÁ** ionchur, **DHÁ** phróiseas agus **DHÁ** aschur.

(ii) Mínigh **DHÁ** cheann ar bith díobh seo a leanas:

- Tionscal gan chuing
- Feirm mheasctha
- Amhábhair
- Margaí.

[10]

## Ceist 4. TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH (ar lean)

### C. Turasóireacht




www.discoverireland.ie www.irishrail.ie

(i) Ainmnigh réigiún turasóireachta **AMHÁIN** in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat air agus déan cur síos ar **DHÁ** chúis a mealltar turasóirí go dtí an réigiún seo.

(ii) Déan cur síos ar shlí **AMHÁIN** inar féidir leis an turasóireacht drochthionchar a bheith aici ar réigiún.

(iii) Mínigh slí **AMHÁIN** inar féidir leis an turasóireacht cuidiú le feabhas a chur ar naisc iompair agus chumarsáide i réigiún.

[10]

**Ceist 5.** **TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH**

**A.** **Carraigeacha**

Tá trí mhórghrúpa carraigeacha ann: **Bruthcharraigeacha**, **Carraigeacha Dríodair** agus **Carraigeacha Meiteamorfacha**.


(i) Ainmnigh carraig **AMHÁIN** as gach grúpa.

(ii) Roghnaigh ceann **AMHÁIN** ar bith de na carraigeacha a d’ainmnigh tú agus déan cur síos ar conas a chruthaítear é.

(iii) Luaigh **DHÁ** úsáid a bhaintear as an gcarraig seo.

[11]

**B.** **Síonchaitheamh**





www.bbc.co.uk/schools

(i) Agus na léaráidí thuas mar chúnamh agat, mínigh conas a dhéanann reo is coscairt (sioc-smiotaíl) síonchaitheamh ar charraigeacha.

(ii) Mínigh an téarma sceallach.

[9]

**C.** **Ollghluaiseacht**




www.patanography.wikispaces.com




www.blog.shaleshockmedia.org

Is féidir le hollghluaiseacht a bheith tapa nó mall.

(i) Ainmnigh **gach** cineál ollghluaiseachta a thaispeántar sna pictiúir **A** agus **B** thuas.

(ii) Roghnaigh cineál **AMHÁIN** ollghluaiseachta agus mínigh conas a tharlaíonn sí.

[10]